

❖ An Lúibín ❖

22 Márta 2010

There have been requests for a simple Irish-language summary of the articles. This can be found at the end of the newsletter.

Iarradh orainn achoimre shimplí Ghaeilge d'ábhar na nuachtlitreach seo a chur ar fáil do dhaoine atá ag foghlaim na teanga. Tá sin le fáil ag bun An Lúibín.

Gaeilge fheidhmeach

Applied Irish.

Mura feidhmeach í do chuid Gaeilge, is féidir leat deis a chur uirthi. Tá Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ag glacadh le hiarratais ar MA sa Ghaeilge Fheidhmeach a thosóidh i Mí na Feabhra 2011. Cuireadh an Clár Máistreachta ar bun i Mí Eanáir 2008 agus is gearr ó ghnóthaigh díorma mac léinn an MA úd den chéad uair.

Tá postanna le fáil trí Ghaeilge anois agus ráchairt dá réir ar ardscoilteanna teanga in Éirinn agus san Eoraip. Is mór an bhaint atá aige sin, ar ndóigh, le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus le stádas nua na Gaeilge san Aontas Eorpach. Jabanna stáit, i bhfocail eile, agus gan aon tóir mhór go fóill ar an teanga in aon áit eile. An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a sholáthair an t-airgead chuige, agus tá an MA á thairiscint ag ITBÁC i gcomhpháirtíocht le Gaelchultúr Teo.

Is fiú a chuimhneamh go bhfuil breis is 200 mac léinn ag gabháil don Ghaeilge in ITBÁC i gclár pháirtaimseartha agus lánaimseartha, fochéime agus iarchéime. Tá Scéim Teanga á chur ar bun, agus beidh Scéim Chónaithe Ghaeilge ar fáil feasta, in éineacht le scoláireachtaí.

Is é an spriocdháta 22 Meán Fómhair 2010. Féach ar <http://gaeilgefheidhmeach.dit.ie/> chun gach eolas a fháil.



Rleabhair

Digital books are here in Irish.

Tá Litríocht.com ar na gnólachtaí Gaeilge is rathúla. Díolann sé leabhair tríd an Idirlíon, agus is beag saothar Gaeilge nach mbeadh le fáil ina stór: www.litriocht.com. Anois tá ríomhleabhair Ghaeilge á ndíol aige.

Tá sé ríomhleabhar (tugann Litriocht.com *rleabhair* orthu) le ceannach faoi láthair, agus roinnt acu 20% níos saoire ná na leabhair chlóite. Ní gá díol as costas iompair ach oiread. Rinne an comhlacht suirbhé ar a chuid chustaimaerí agus dúirt breis is 60% acu go gceannóidís na rleabhair ach iad a bheith ar fáil. (Tá siad lasta anois, ar ndóigh, sa mhargadh Béarla.) Dealraíonn sé nach deacair an margadh a dhéanamh: leabhar a roghnú ar an suíomh mar is gnáth, é a chur sa 'chiseán,' agus is gearr go mbeidh sé íoslódáilte agat. Tá a lán daoine nach scarfaidh go deo leis an bpáipéar, ach beidh ráchairt ar an rud nua.



Súil ar an Dlí

Irish is becoming once more a complex instrument of law.

Beidh fáilte ag an gcuid is dlíthiúla d'Éirinn roimh *Súil ar an Dlí*, leabhar a chuir Caroline O'Connor BL agus an Dr Elaine Fahey BL in eagar agus a dhéanann reachtaíocht agus cúiseanna de chuid na bliana seo caite a chíoradh.

Tá caibidlí ann faoi Chonradh na Liospóine, faoi dhlí na gcomhlachtaí, faoin leasú bunreachtúil i dtaobh chosaint na bpáistí, faoin nGaeilge mar theanga oifigiúil, faoi dhlí na fostaíochta, faoin dlí a bhaineann le comhlachtaí bainistíochta agus faoi chora nua san athbhreithniú dlíthiúil.

Dúirt Seán Ó Cuirreáin, Comisinéir Teanga, gur thaispeáin an leabhar go bhfuil an Ghaeilge in ann ag an gcuid is casta den dlí. Dúirt sé freisin gur admhaíodh i dtíortha eile gur dheacair teanga a chothú agus í ar iarraidh i réimse ar bith den saol. Níor mhór é a chur ar fáil i gcúrsaí uile an tsaoil agus na cúirteanna san áireamh. De réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, tá ceart ag cách chun cúis dlí a chur ar bun nó fianaise a thabhairt i nGaeilge.



Gaelscéal

Another newspaper in Irish.

Nuachtán Gaeilge eile. Beidh *Gaelscéal*, nuachtán seachtainiúil arb é an ceann 'is nuálaí, is bríomhaire agus is tráthúla dá bhfuil ann' é, más fíor dó féin, beidh sé ar díol gach Aoine ó 26/3/10 amach. Nuachtán ildaite é agus dhá leathanach is tríocha ann. Deirtear go mbeidh cur síos ann ar gach ábhar – cúrsaí reatha, oideachas, spórt, cúrsaí saoil, caitheamh aimsire agus, ar ndóigh, an Ghaeilge.

Beidh teacht agat air ar an Idirlíon ag www.gaelsceal.ie, suíomh idirghníomhach. Beidh fóraim agus blaganna ann amach anseo, agus tabharfar an-aird ar na meáin dhigitigh.

Beidh fáilte roimh Ghaelscéal, ach ba dhóigh leat go mbeadh easpa léitheoirí air agus *Foinse* ann cheana. B'fhéidir go mbeadh buntáiste digiteach aige, ach tá *nós** (www.nosmag.com) agus *Nuacht24* (<http://andrumamornuacht.blogspot.com/>) ann freisin. Feicimis conas a chruthóidh sé.



Caighdeán nua

Standard Irish is to be revised.

Tá an tAire Éamon Ó Cuív tar éis a rá go bhfuil athbhreithniú le déanamh ar an gCaighdeán Oifigiúil chun go leanfaidh sé air ag freastal ar riachtanais na teanga beo. Is é an Lár-Ionad Aistriúcháin a dhéanfaidh an t-athbhreithniú agus beidh coiste stiúrtha ann – grúpa a bheidh oile ar ghnóthaí foclóireachta, oideachais, dlí, aistriúcháin, téarmeolaíochta, meán agus léinn. Beidh aird ar leith ar na cúrsaí is mó a bhaineann le téarmeolaíocht nua-aimseartha na Gaeilge.

Sa bhliain 1910 bhunaigh Shán Ó Cuív (seanathair an Aire) agus Osborn Ó hAimhirgín *An Cuman um Leitriú Shimplí*. Níor glacadh leis; bhí an modh foghraíochta róchóngarach don Bhéarla agus bhí blas láidir Muimhneach air. B'eo an chéad iarracht; i gceann tríocha bliain ba léir do Rannóg an Aistriúcháin go raibh caighdeán ag teastáil le haghaidh cáipéisí oifigiúla, agus sa bhliain 1945 foilsíodh *Litriú na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil*. Chuir mórán ina choinne ach ba shaothar in aisce acu é. Tháinig *Gramadach na Gaeilge: Caighdeán Rannóg an Aistriúcháin* amach as bhliain 1953, agus as bhliain 1958 foilsíodh an fíorchaiighdeán: *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge*. Ní gan dua a

rinneadh é, ó bhí ar fhoireann Rannóg an Aistriúcháin dul i gcomhairle le cainteoirí dúchais as gach cearn agus lena lán daoine eolgaiseacha eile. Tá blas oifigiúil fós ar an gCaighdeán, agus nach gá cloí leis i gcúrsaí ealaíne nó iriseoireachta, mar shampla.

Tá lucht an amhrais ann. Mar a deir an scríbhneoir Máiréad Ní Chinnéide in alt ar an *Irish Times* (17/3/10):

Is fíor go bhfuil go leor rudaí i gCaighdeán Oifigiúil (1958) atá imithe ó chaint na Gaeltachta, agus gur cheart rialacha áirithe a athrú mar gheall air, ach tá a lán rudaí i gcaint na Gaeltachta atá glan in aghaidh nádúr na teanga agus má cheadaítear dóibh ní bheidh sa Ghaeilge ar deireadh ach Béarla trí Ghaeilge. Ba mhaith liom a cheapadh go dtabharfaidh an coiste a bheidh i mbun athbhreithniú *Gramadach na Gaeilge agus Litriú* na Gaeilge an t-aitheantas is dual dá bhfuil ann agus nach n-athrófar rud ar bith gan go leor machnaimh a dhéanamh air.



Bernard Le Nail

Death of a Breton historian and scholar.

Ar 5/1/10 cailleadh Bernard Le Nail, scoláire a bhí chun tosaigh i ngluaiseacht chultúrtha na Briotáine, agus a rinne an-taighde ar litríocht na Briotáinise. Ar éigean atá eolas ag cainteoirí teangacha Ceilteacha eile ar a shaothar, ach rinne sé gaisce.

Rugadh Le Nail i bPáras sa bhliain 1946; ba é a athair an consal Francach i Meicsiceo, agus thug an buachaill tamall maith i Meiriceá Theas. Fuair sé scolaíocht i bPáras in Hautes Études Commerciales, oiliúnt tráchtála den chéad scoth, ach tamall ina dhiaidh sin d'iompaigh sé ar stair agus ar theanga na Briotáine. Ba Chaitliceach é agus duine den éite lárchlé, ach dhiúltaigh sé riamh bacadh le cúrsaí polaitíochta. B'fherr leis an cultúr féin a chur chun cinn (beart polaitiúil ann féin, b'fhéidir), agus bhí mioneolas aige ar dhúchas na Briotáine.

Thosaigh sé ag foghlaim Briotáine i bPáras, agus bhí baint aige lena lán grúpaí Briotánacha a raibh cuspóirí difriúla acu – nuachóirí na feirmeoireachta, mar shampla. Bhíodh sé i mbun oibre in Ker Vreizh (Teach na Briotáine) i bPáras, lárionad na ngníomhaithe agus áit ar shaothraigh sé an cumas riaracháin a chuaigh ar sochar dó ina dhiaidh sin. Ceapadh é mar stiúrthóir Fhoras Cultúrtha na Briotáine sa bhliain 1983, agus bhí sé i mbun oibre ann ar feadh ceithre bliana déag. Ansin, sa bhliain 2001, bhunaigh sé *Les Portes du Large*, comhlacht foilsitheoireachta a chuir amach leabhair mhaisiúla faoin mBriotáin. Eisean agus a bhean chéile Jacqueline a scríobh cuid mhaith acu.



Tírdhreacha

The University of Nantes hosted an international congress on 12 and 13 March 2010. The International Congress of the French Society for Irish Studies presented PAYSAGES/LANDSCAPES.

'Tírdhreacha' teideal na comhdhála in Ollscoil Nantes sa Fhrainc an mhí seo. Níl na páipéir foilsithe fós, ach chuir na tionólaithe a gcuid smaointe in iúl roimh ré faoi chuspóirí na comhdhála.

Is iomaí iarracht a tugadh ar an tírdhreach a theoriciú, agus níl teorainn leis an bhfealsúnacht a bhaineann leis. Téann gach ré amach ar an aimsir agus ar an spás ar a bealach féin, agus baint ag an scéal leis an bpictiúrthacht, leis an mbúcólachas agus leis an uasdiamhair, cé nár tháinig an fhealsúnacht úd slán ó ghrinnscrúdú na ndíthógálaithe.

Bhí sé de chuspóir ag an gcomhdháil cruthú an tírdhreacha a scagadh agus aird a thabhairt ar na daoine a bhaineann leis, lucht féachana, ealaíontóirí agus na daoine a shiúlann é nó a bhíonn ag obair ann. Is iomaí tírdhreach ann agus is iomaí duine a dhéanann nó a chaomhnaíonn iad – turasóirí, fánaithe, siúlóirí, taiscéalaithe, feirmeoirí, ealaíontóirí, dearthóirí tírdhreacha, lucht timpeallachta, lucht forbartha, lucht déanta léarscáileanna.

D'fhág tíreolaíocht, geolaíocht agus aeráid na hÉireann a rian ar an dearcadh atá muintir na hÉireann i leith na tíre, dearcadh a bhfuil baint aige freisin le hanró, le díshealbhú agus le deoraíocht. Is é an cruatan úd ba chúis le tírdhreach cumhach rómánsach a chruthú. Is iomaí gaol atá idir Éire agus a tírdhreach: tá sainchineálacha múrtha, clós, páirceanna agus gairdíní ann a bhaineann leis na rátha, leis na mainistreacha agus le heastáit an 18ú haois. Caithfear a fhiafraí conas a tháinig tírdhreach na hÉireann faoi anáil na Breataine agus na hEorpa, agus cén bhaint atá ga cúrsaí tírdhreacha leis an Tteorainn thuaidh.

Tháinig athruithe ar an tírdhreach de bharr bhorradh spleodrach an gheilleagair agus lagú na feirmeoireachta. Dá bhrí sin d'fhoilsigh an Chomhairle Oidhreachta measúnacht tírdhreacha sa bhliain 2006, agus beartas agus clár ina dhiaidh sin. Cuireadh 'Lá Bhailte Múrtha na hÉireann' ar bun, agus tá an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ag déanamh liosta náisiúnta den oidhrecht ailtireachta ón mbliain 2003 i leith. D'athraigh fás an gheilleagar an chaoi a siúlann daoine an tírdhreach agus an dearcadh atá acu ina leith, cé nach fios go fóill an athrú buan é.

B'fhiú freisin staidéar a dhéanamh ar an tírdhreach ó thaobh na teangeolaíochta de agus mar mheafar: 'tírdhreach institiúideach,' 'tírdhreach polaitiúil,' 'tírdhreach na meán'. An bhfuil baint idir iomlaidí séimeantaice den saghas sin agus tír? Cé acu íomhánna d'Éirinn is féidir a lua leis na meafair sin?

Tá baint ag téama na comhdhála seo le saothair ealaíne de gach gach ré, idir phictiúir agus leabhair. Is minic tábhacht le tírdhreacha uirbeacha, le hidirthalamh agus le críocha díthógtha i litríocht ár linne, agus dúirt na tionólaithe go bhfáilteofaí go mór roimh pháipéir faoi chúrsaí éiceachritice agus geofhileatachta.

Fanaimis anois leis na páipéir.



Éimin

The Republic of Yemen is more than simply another site of battle and intrigue. It has extraordinary ancient cities, high fortified crags, unique islands; and its water is vanishing.

Ar shlite áirithe tá rian na nOícheanta Arabacha ar Phoblacht Éimin fós: cathracha diamhaire, sráidbhailte arda sléibhe, ósaisí lán d'fhinnscéalta, oileáin nach cosúil le haon áit eile ar domhan iad. Ar shlite eile níor tháinig sí slán ó olcas an tsaoil – ansmacht, leatrom, truailliú, achrann. Tarraingíodh aird Mheiriceá uirthi agus í faoi smúit Al-Qáida: tá trácht ar champaí traenála a bheith ann, agus cheil an scéal seo a lán cúrsaí eile atá beagán níos gaire don scornach.

Araib Sháid thuaidh, an Mhuir Rua thiar, an Mhuir Arabach agus Murascaill Áidin theas agus Sadhdánacht Óman thoir: mar sin atá Éimin suite, agus a bhunáite ina fhásach. Tír í atá meirbh feadh an chósta thiar, aoibhinn go leor sna sléibhte thiar (áit a mbíonn monsúin ann), agus fásach thoir atá thar a bheith te agus tirim.

Machaire cúng te neamhthorthúil (an *tihamah*) atá ar an gcósta; a lán murlach agus riasc ann a bhfuil corrmhíolta agus maláire á gcothú iontu, agus dumhcha cuara. Ní éiríonn srutháin na sléibhte an machaire a bhaint amach toisc go n-ímíonn an t-uisce ina ghal i dteas na n-ísléán. Ar chúl an mhachaire úd tá céidí agus sléibhte garbha: faigheann sléibhte an iarthair an méid báistí is mó san Araib agus tá páirceanna torthúla léibheannacha ann dá bharr; sna sléibhte láir tá fearthainnscáth ann, ach tagann báisteach go leor sna blianta fliucha, agus is ann atá an raon teochta is mó ar domhan.

Tá aghaidh na sléibhte sin ó thuaidh ar ghaineamhlach na hAraibe. Sa chuid sin den tír atá Sana'a, príomhchathair na Poblachta, agus í ag méadú faoi dhó gach ceithre bliana ó na seascaidí i leith. Laistigh den chathair úd tá ceann eile – seanchathair mhaisiúil, 103 mosc ann, ceithre theach folcadáin déag, agus os cionn 6,000 teach ann a tógadh míle bliain ó shin.

Canúintí den Araibis a labhraítear in Éimin, in éineacht le roinnt teangacha Seimíteacha eile a bhfuil gaol gairid acu le teangacha na hAetóipe agus na hEitré. Labhraíonn roinnt daoine teangacha iasachta: tagann cainteoirí líofa Béarla (agus Frainciseoirí freisin le déanaí) ó scoileanna príobháideacha a úsáideann córas Meiriceánach nó Briotanach. B'fhéidir nach mbeadh súil agat, áfach, leis na cainteoirí Rúisise a fáisceadh as idirphósadh na seachtóidí agus na n-ochtóidí, ná le lucht labhartha Vítneamaise i Sana'a – daoine a díbríodh as Vítneam sna seachtóidí.

Ní hionann an rian a d'fhág an stair ar thuaisceart agus ar dheisceart na tíre. Scar Éimin Thuaidh ón Impireacht Otamanach sa bhliain 1918, ach sa deisceart bhí coimearcas Briotanach ar bun timpeall Áidin, caladh tábhachtach, ón 19ú haois amach. Sa bhliain 1967 thréig na Briotanaigh Éimin Theas; chuaigh an deisceart leis an Marcsachas agus bhí an dá leath in aghaidh a chéile nó gur aontaíodh iad sa bhliain 1990.

Tá aird anois ag lucht taistil agus turasoíreachta ar na háiteanna iontacha a bhaineann le hÉimin: Zabid, mar shampla, in aice leis an Muir Rua, príomhchathair na tíre ón 13ú haois go dtí an 15ú haois, agus ollscoil ann tráth a mbíodh tarraingt uirthi as gach cearn. Tá Sliabh Haraz ann, é crochta os cionn mhachaire cósta na Mara Rua – sráidbhailte daingnithe ann, páirceanna léibheannacha, radhairc iontacha. Tá Wadi Hadramaut ann – ósaisí gan choinne i lár an ghaineamhlaigh. Is ann atá Shibam, cathair mhúrtha de chuid an 16ú haois agus í lán de thithe ilstóracha cré. Ar liosta oidhreachtá UNESCO atá sí anois. Bhí sí saibhir tráth de bharr na cánach a gheartaí ar thrádáil na túise, agus cáil uirthi freisin de bharr a cuid fáschoillte – crainn phailme agus crainn oráistí. As an áit seo a tháinig Bilqis, leannán cealgach cluaineach Sholaimh.

Fágann sin Oileánrach Shocotra – ceithre oileán agus dhá oileáinín, agus neart plandaí, reiptílí agus seilidí ann nach bhfaighfeá in aon áit eile, gan trácht ar a bhfuil d'éin, de choiréil, d'iasc agus de phortáin ann. In oileán Shocotra féin labhraítear teanga Sheimíteach ar leith nach bhfuil a leithéid le fáil máguaird.

Tá saibhreas staire, cultúir agus dúlra in Éimin, mar sin; agus tá fadhbanna uafásacha ann. Thar aon rud eile, tá easpa uisce ar chuid mhaith den tír, go háirithe timpeall Sana'a, agus cuid mhaith den mhilleán ar phlanda támhshuanach a bhfuil ráchairt dheamhanta air: *qat*. Tugann sé aoibhneas agus suaimhneas leis agus é á chogaint, agus ní féidir é a shaothrú gan neart uisce. Bhí stór mór uisce riamh ann faoi thalamh sna huiscígh, ach timpeall Sana'a tá ceithre oiread uisce á bhaint amach is atá ag dul isteach ann. Ní thagann faic trí na sconnáí sa samhradh; caithfear uisce a cheannach agus bíonn daoine ag scaoileadh lena chéile i ngeall air. Deir gach duine gur cóir deireadh a chur le saothrú *qat*, ach tá jabanna ag roinnt leis i dtír gan mhórán oibre. Deirtear go mbíonn tobair á mbaint le rigeanna ola agus gan aon uisce rompu; agus tá tobair eile truailithe. Tá cathracha eile i bpráinn: tá Taiz (an dara cathair is mó) gan uisce, agus is gearr le dul ar roinnt eile.

Seachas fáil réidh le *qat*, ní mór an fhadhb a fhuascailt ar bhealaí eile - Sana'a a aistriú, gléasra díshalannaithe a úsáid, uisce a thabhairt thar sliabh ó uiscígh eile, ach is bocht an fhuascailt gach ceann acu. Tá baint ag an nganntanas uisce le fadhbanna eile. Tá breis is 22,800,000 duine sa tír agus an daonra ag borradh gan stad; beireann gach bean pósta seisear leanaí ar meán, ráta beireatais atá níos airde ná an ráta sna tíortha máguaird. Tá 46% den phobal faoi bhun 14 bliana d'aois.

Deirtear gurb é an t-oidreachas is mó a chuireann srian le borradh pobail. I bPoblacht Éimin tá ar gach páiste dul ar scoil, mar dhea, ach níl léamh agus scríobh ag 50% de na mná os cionn 15 bliana d'aois (30% i gcás na bhfear). Tá rún ag an rialtas, áfach, an neamhlitearthacht a laghdú faoi bhun 10% i gceann na bliana 2025.

Ní mór, ar ndóigh, cúrsaí geilleagair agus riaracháin a chur san áireamh. Tá 40% den phobal gan obair, agus tá sé ag dul rite leis an rialtas breabaireacht agus calaois a chosc. D'iarr an rialtas cabhair ar an Banc Domhanda, agus aird aige siúd ar an bpríobháidiú, ar leasú na státseirbhíse agus ar fheabhsú an bhuiséid. Tá an rialtas agus an IMF ag díriú ar leasú geilleagraigh ón mbliain 1997 i leith agus cuspóirí áirithe acu: breis postanna, breis leasa shóisialaigh, pá státseirbhíseach a shrianú, bailiú na gcánach a fheabhsú, fóirdheontais bhia a laghdú. Ar an dea-uair, tháinig an tír slán ón meath airgeadais ba dhéanaí toisc córas airgeadais neamhchasta a bheith ann, beag beann ar chúrsaí idirnáisiúnta.

Ar an droch-uair, stát ola is ea Poblacht Éimin, agus ídeofar an t-uisce agus an ola araon faoin mbliain 2017. Ón leacht dubh úd a thagann 70% de theacht isteach an rialtais, agus bhí laghdú os cionn 50% ar an airgead sin sa bhliain 2009. Táthar ag iarraidh an geilleagar a dhéanamh níos éagsúla agus airgead a tharraingt isteach ón iasacht. Tá gás nádúrtha leachtaithe á easportáil, agus tá breis tábhachta leis an turasóireacht. Mar sin féin, is bocht an scéal i gcónaí é: easportáiltear luach timpeall \$5 bhilliún d'earraí ach iomportáiltear luach \$7 mbilliún - bia, ainmhithe, gléasra agus ceimicigh. Tá na mílte Éimineach ina gcónaí sna Stáit agus sa Bhreatain, agus is mór an cúnamh an t-airgead a chuireann siad ar ais, cé gur comhartha é ar a laige atá an geilleagar sa bhaile. Is maith an léargas a thugann úsáid an Idirlín ar chúrsaí geilleagair agus riaracháin: ní bhaineann ach timpeall 370,000 Éimineach feidhm as an áis úd.

Tá fadhbanna timpeallachta agus sláinte ann seachas easpa uisce: ró-innilt, creimeadh cré, borradh an fhásaigh (níl ach 2.91% den talamh insaothraithe). Bíonn stoirmeacha deannaigh agus gainimh ann sa samhradh. Bíonn síorocras ar seacht milliún duine agus tá 80% den bhia á importáil. Tá galracha éigin róchoitianta - buinneach, heipitíteas, tíofóid, fiabhras deingeach (*dengue*), maláire.

Pé deacrachtaí atá ag crá na tíre, tá sí ag réiteach maith go leor le cuid dá comharsana. Bhí caidreamh riamh ag na hÉiminigh leis an tSomáil, agus an dá dhream ag cur fúthu i dtíortha a chéile; agus tá Éimin agus Djibouti mór le chéile. Ach tá ceannairc ar siúl ina treallanna thuaidh i measc na dtreibheanna is gaire d'Araib Sháid, agus tá scarúnaithe eile le fáil i ndeisceart na tíre. Sa tuaisceart atá Al-Qáida lonnaithe, ach ní furasta dóibh greim a fháil ar na críocha sin. Is lag é smacht an rialtais ann, ach níl an ainriail i réim agus níl muintir na háite tugtha d'antoiseacht creidimh. Ní bheadh sé chomh furasta sin ag Al-Qáida crua a chur orthu.

Níl sé de chlu ar rialtas Éimin, mar sin féin, go bhfuil an-mheas aige ar chearta daonna. Tá tuairiscí ann ar dhaoine a ghabhtar gan chúis, ar chaimiléireacht sna cúirteanna agus ar dhaoine a choinneáiltear i ngéibheann ar feadh i bhfad sula dtugtar i láthair na cúirte iad. Bagraítear pionós ar aon iriseoirí a chuireann fearg ar na húdaráis. Ní treise de tír ar bith an leatrom, agus b'fhearr don rialtas feabhas a chur ar ghnóthaí riaracháin agus dlí. Tá Éimin in ainm is a bheith ina stát daonlathach, vóta ag gach duine agus teachtaí á dtoghadh dá réir i dteach íochtarach na Parlaiminte, cé gurb é an tUachtarán a cheapann baill an tí uachtaraigh. Déarfá, mar sin féin, go bhfuil cead raide ag na fórsaí slándála.

Tá na turasóireacht ag dul i neart, ach ní leor é sin chun an tír a chur os cionn na bhfiach. Tá cruóg le laghdú ar bhorradh an daonra. Is léir gurb é an t-oidéachas an chuid is bunúsaí d'aon fhuascailt agus nach dtiocfaidh rath ar an tír gan é.

B'fhéidir go rachadh an Phoblacht (má mhaireann sí) i gcomhpháirt leis an tSomáil agus le Djibouti lá éigin: comhcheangal nua sa réigiún.

Foinsí suimiúla:

<https://www.cia.gov/library/publications/the-world-factbook/geos/ym.html>

<http://www.lonelyplanet.com/yemen>

http://news.bbc.co.uk/2/hi/middle_east/country_profiles/784383.stm

<http://www.derechos.org/human-rights/mena/yemen/>

'Yemen threatens to chew itself to death over thirst for narcotic qat plant,' Hugh Macleod agus John Vidal, *The Guardian*, 26/2/10: www.guardian.co.uk

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.

Gaeilge fheidhmeach

Tá ráchairt¹ anois ar scileanna² Gaeilge de bharr³ Acht na dTeangacha Oifigiúla agus stádas⁴ nua na Gaeilge san Aontas Eorpach, agus is féidir leat MA sa Ghaeilge Fheidhmeach⁵ a dhéanamh anois in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (ITBÁC). Tá breis is⁶ 200 mac léinn ag déanamh staidéir ar an nGaeilge in ITBÁC. Féach ar <http://gaeilgefheidhmeach.dit.ie/>.

Leabhair dhigiteacha

Díolann an comhlacht Litríocht.com leabhair Ghaeilge tríd an Idirlíon⁷. Anois tá sé ag díol leabhair dhigiteacha⁸, mar tá éileamh⁹ ag teacht orthu i nGaeilge mar atá i mBéarla. Is féidir na leabhair a cheannach ar an suíomh mar a cheannófa¹⁰ aon leabhar eile, cé gur fearr lena lán daoine na leabhair pháipéir fós.

Gaelscéal

Tá nuachtán nua Gaeilge le teacht amach gach seachtain. ‘Gaelscéal’ a thugtar air, agus beidh gach saghas ábhair le fáil ann. Tíocfaidh sé amach ar an Idirlíon freisin ar shuíomh idirghníomhach¹¹, cé go bhfuil a lán foilseachán den saghas céanna ann cheana. Tíocfaidh an chéad eagrán amach ar 26/3/10.

Caighdeán Nua

Tá Rialtas na hÉireann chun Caighdeán Oifigiúil na Gaeilge a athbhreithniú¹². Deir an tAire go bhfuil an teanga ag athrú agus go gcaithfidh an Caighdeán athrú freisin. Tháinig an chéad leagan oifigiúil den Chaighdeán amach as bhliain 1958. Na daoine a chum é chuaigh siad i gcomhairle¹³ le mórán daoine eile sular foilsíodh é, ach bhí mórán daoine ann agus níor mhaith leo an rud nua seo. Tá cuma eile ar an teanga anois, ach tá eagla ar dhaoine éigin nach n-athrófar¹⁴ na rialacha¹⁵ ar an dóigh cheart.

Bernard Le Nail

Ba scoláire mór é Bernard Le Nail. Bhí fonn air an Bhriotáinis a chur chun cinn agus rinne sé taighde mór ar stair na Briotáine. Bhí a athair ina chonsal i Meicsiceo agus chaith Le Nail tamall maith i Meiriceá Theas dá bharr. Bhí sé ina mhac léinn i bPáras ina dhiaidh sin. Rinne sé staidéar ar an tráchtáil, ach tháinig suim an-mhór aige sa Bhriotáinis agus i gcultúr na Briotáine agus shocraigh sé ar léargas a thabhairt orthu¹⁶. Fuair sé bás i Mí Eanáir 2010.

Tírdhreacha

Bhí comhdháil¹⁷ ar siúl¹⁸ i Nantes sa Fhrainc an mhí seo agus ‘Tírdhreacha’¹⁹ mar théama aici. Tá fealsúnacht²⁰ ag baint le²¹ ceist an tírdhreacha, agus ní fealsúnacht shimplí í. Bhí súil ag na tionólaithe²² go bpléifí²³ gach gné

¹ demand

² skills

³ as a result of

⁴ status

⁵ applied

⁶ more than

⁷ Internet

⁸ digital

⁹ demand

¹⁰ you would buy: ceannaigh - buy

¹¹ Interactive site

¹² review

¹³ consulted

¹⁴ will not be changed: athraigh - change

¹⁵ rules: riail - rule

¹⁶ insight

¹⁷ conference

¹⁸ In progress

¹⁹ landscapes: tírdhreach (nom. singular), tírdhreacha (gen.singular & plural)

²⁰ philosophy

²¹ connected to

²² the convenors hoped

²³ would be discussed

den scéal ag an gcomhdháil, agus go dtabharfaí cuntas²⁴ ar na daoine a úsáideann agus a dhéanann tírdhreach. D'fhág an tíreolaíocht, an gheolaíocht, an aeráid agus an stair a rian²⁵ ar dhearcadh²⁶ na nÉireannach i leith²⁷ an tírdhreacha. Tá rialtas na hÉireann ag tabhairt aird ar leith²⁸ ar chúrsaí tírdhreacha²⁹ anois; ach tá an tírdhreach féin á athrú³⁰ de bharr fhás an gheilleagair³¹.

Éimin

Tá rudaí iontacha le fáil i bPoblacht Éimin, tír atá le fáil in aice le hAraib Sháid³² agus leis an tSomáil³³. Tá seanchathracha³⁴ ann agus oileáin áille³⁵. Is í an Araibis an teanga is mó a labhraítear³⁶ ann, ach tá teangacha Seimíteacha³⁷ eile á labhairt ann freisin.

Tá fadhbanna móra ag Éimin. Tá achrann ar siúl ann, go háirithe sa tuaisceart. Tá easpa uisce ar an tír, rud a tharla toisc go n-úsáidtear³⁸ an oiread sin uisce chun qat, planda támhshuanach³⁹, a shaothrú⁴⁰ agus toisc go bhfuil an oiread sin daoine sa tír. Chomh maith leis sin, tá ola na tíre beagnach caite. Tá an geilleagar agus cúrsaí riaracháin go dona, cé go bhfuair an rialtas cabhair ón IMF. Tá easpa oideachais ar dhaoine agus tá an chuid is mó díobh bocht.

Tá mórán Éimíneach ina gcónaí thar lear agus cuireann siad airgead abhaile. Tá níos mó turasóirí ag teacht. Ach is dócha nach féidir an daonra an laghdú agus na fadhbanna eile a fhuascailt mura dtugtar oideachas ceart⁴¹ do gach duine óg.

²⁴ would be described

²⁵ trace, mark

²⁶ attitude

²⁷ towards

²⁸ particular attention

²⁹ matters to do with landscape

³⁰ being changed

³¹ growth of the economy

³² Saudi Arabia

³³ Somalia

³⁴ old cities: cathair - city

³⁵ beautiful islands: áille - plural of álainn

³⁶ is spoken: labhair - speak

³⁷ Semitic

³⁸ is used: úsáid -use

³⁹ narcotic plant

⁴⁰ cultivate: saothraigh

⁴¹ unless a proper education is provided